2023/2609

24.11.2023

CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2023/2609 ÓN gCOIMISIÚN

an 22 Samhain 2023

lena n-aisghairtear Cinneadh 2008/698/CE maidir le cead isteach sealadach agus allmhairí capall cláraithe ón Afraic Theas isteach sa Chomhphobal

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2016 maidir le galair in-tarchurtha ainmhithe agus lena leasaítear agus lena n-aisghairtear gníomhartha áirithe i réimse na sláinte ainmhithe ('Dlí maidir le Sláinte Ainmhithe') ([1]), agus go háirithe Airteagal 230(1) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán (AE) 2016/429 leagtar síos, i measc nithe eile, na ceanglais sláinte ainmhithe maidir le coinsíneachtaí d'ainmhithe, de tháirgí geirmeacha agus de tháirgí de bhunadh ainmhíoch a theacht isteach san Aontas, agus tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena dtarraingítear suas liostaí de thríú tíortha agus de chríocha óna gceadófar speicis agus catagóirí sonracha d'ainmhithe, de tháirgí geirmeacha agus de tháirgí de bhunadh ainmhíoch a theacht isteach san Aontas, i gcomhréir le hAirteagal 230(1) den Rialachán sin.

(2) Le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 ón gCoimisiún ([2]) déantar forlíonadh ar Rialachán (AE) 2016/429 a mhéid a bhaineann le ceanglais sláinte ainmhithe maidir le coinsíneachtaí de speicis agus catagóirí áirithe d'ainmhithe, de tháirgí geirmeacha agus de tháirgí de bhunadh ainmhíoch a theacht isteach san Aontas ó thríú tíortha nó ó chríocha, nó ó chriosanna nó ó dheighleoga de thríú tír nó de chríoch. Le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 leagtar síos bearta chun teacht isteach sábháilte san Aontas a áirithiú maidir le heach-ainmhithe ó thríú tíortha nó ó chríocha, nó ó chriosanna nó ó dheighleoga de thríú tír nó de chríoch.

(3) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 ón gCoimisiún ([3]) bunaítear na liostaí de thríú tíortha nó de chríocha nó criosanna nó deighleoga de thríú tír nó de chríoch, óna gceadaítear na speicis agus na catagóirí sin d'ainmhithe, de tháirgí geirmeacha agus de tháirgí de bhunadh ainmhíoch a thagann faoi raon feidhme Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 teacht isteach san Aontas. Déantar na liostaí agus rialacha ginearálta áirithe maidir leis na liostaí a leagan amach in Iarscríbhinní I go XXII a ghabhann leis an Rialachán Cur Chun Feidhme sin.

(4) Le hIarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 leagtar amach an liosta de thríú tíortha, de chríocha agus de chriosanna de thríú tír nó de chríoch óna n-údaraítear coinsíneachtaí each-ainmhithe a theacht isteach san Aontas.

(5) Liostaítear an Afraic Theas in Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404, sanntar í do Ghrúpa Sláintíochta F agus réigiúnaítear í mar chrios ZA-1, nach gcumhdaíonn ach limistéar uirbeach Cape Town. Capaill chláraithe ón gcrios sin a theacht isteach san Aontas, tá sé ar fionraí ó bhí an 3 Bealtaine 2011 ann.

([1]) IO L 84, 31.3.2016, lch. 1.

([2]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 ón gCoimisiún an 30 Eanáir 2020 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le rialacha maidir le coinsíneachtaí d'ainmhithe, de tháirgí geirmeacha agus de tháirgí áirithe de bhunadh ainmhíoch a theacht isteach san Aontas, agus maidir lena ngluaiseacht agus lena láimhseáil tar éis dóibh a theacht isteach (IO L 174, 3.6.2020, lch. 379).

([3]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 ón gCoimisiún an 24 Márta 2021 lena leagtar síos na liostaí de thríú tíortha, de thríú críocha nó de chriosanna díobh óna gceadaítear ainmhithe, táirgí geirmeacha agus táirgí de bhunadh ainmhíoch teacht isteach san Aontas i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 114, 31.3.2021, lch. 1).

(6) Glacadh Cinneadh 2008/698/CE ón gCoimisiún ([4]) de bhun Airteagal 13(2), Airteagail 14, 15 agus 16, agus Airteagal 19, pointe (i), de Threoir 90/426/CEE ón gComhairle ([5]) agus leagtar síos leis ráthaíochtaí breise i ndáil le cead isteach sealadach agus allmhairí capall cláraithe ón Afraic Theas. Le Cinneadh 2008/698/CE rinneadh foráil freisin maidir le réigiúnú na hAfraice Theas, ina luadh gur limistéar saor ó thinneas Afracach eachaí é limistéar uirbeach Cape Town. Aisghaireadh Treoir 90/426/CEE le Treoir 2009/156/CE ón gComhairle ([6]), agus aisghaireadh an Treoir sin le Rialachán (AE) 2016/429 ina dhiaidh sin.

(7) Ó bhí an 21 Aibreán 2021 ann, dáta chur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2016/429 agus a ghníomhartha tarmligthe agus cur chun feidhme, tá na bearta a leagtar síos i gCinneadh 2008/698/CE imithe i léig. Na ceanglais sláinte ainmhithe a leagtar síos i Rialachán (AE) 2016/429 agus i Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692, mar aon leis an liostú de thríú tíortha agus de chríocha, agus criosanna de thríú tíortha agus de chríocha, i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404, tá siad leordhóthanach chun teacht isteach sábháilte san Aontas a áirithiú maidir le heach-ainmhithe ó thríú tíortha, lena n-áirítear an Afraic Theas.

(8) Dá bhrí sin, ba cheart Cinneadh 2008/698/CE a aisghairm.

(9) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Chinneadh seo i gcomhréir le tuairim an Bhuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Aisghairtear Cinneadh 2008/698/CE.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 22 Samhain 2023.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

([4]) Cinneadh 2008/698/CE ón gCoimisiún an 8 Lúnasa 2008 maidir le cead isteach sealadach agus allmhairí capall cláraithe ón Afraic Theas isteach sa Chomhphobal (IO L 235, 2.9.2008, lch. 16).

([5]) Treoir 90/426/CEE ón gComhairle an 26 Meitheamh 1990 maidir le coinníollacha sláinte ainmhithe a rialaíonn gluaiseacht agus allmhairí each-ainmhithe ó thríú tíortha (IO L 224, 18.8.1990, lch. 42).

([6]) Treoir 2009/156/CE ón gComhairle an 30 Samhain 2009 maidir le coinníollacha sláinte ainmhithe a rialaíonn gluaiseacht agus allmhairiú each-ainmhithe ó thríú tíortha (IO L 192, 23.7.2010, lch. 1).